# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 15 - 21 Lúnasa 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 16 Lúnasa ar a 9.00rn**
Ceiliúraí: Easpag Luimnigh Breandán Ó Laoithe
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 16 Lúnasa ar a 11.00rn**

**Guí an Phobail**
Seán Ó Sé, Clochán, Ceann Trá, a fuair bás le déanaí.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 22 Lúnasa ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Eibhlín Mhic Gabhann (Ní Cheallacháin), Cill Chuáin, 1ú C.B.
**2.** Eibhlín Mhic Gearailt, Bóthar Buí, C.B.
**3.** Maidhc agus Máiréad Uí Bhruic, Baile Ghainín agus Muintir Bhruic agus Muintir Laoithe atá ar shlí na fírinne.

**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 23 Lúnasa ar a 10.00rn**
**Intinn:** Nóirín Uí Bheaglaoi, Baile an Chaladh, C.M. agus a fear céile, John agus a muintir go léir atá ar shlí na fírinne.



**Aifreann Beo ar Raidió na Gaeltachta**
Beidh an tAifreann á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta, an Domhnach seo **16 Lúnasa ó** Shéipéal Naomh Uinseann.

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn,

**Beidh Bailiúchán Bliantúil ag geataí na séipéal ar mhaithe le Ospís Chiarraí an deireadh seachtaine seo 15/16 Lúnasa.**

**Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire**
Beidh Oilithreacht na Deoise go Cnoc Mhuire ar siúl, 22 Lúnasa. 066-9151208 má tá spéis agat dul ann.

## Buíochas

D'éirigh thar barr leis an gceolchoirm a bhí againn i Halla na Feothanaí ar mhaithe le cothabháil na séipéal sa paróiste. Bailíodh €6,010, idir an crannchur, an ceant agus an ceolchoirm. Ár mbuíochas le Coiste an Halla as an halla a chur ar fáil. Tá an Coiste Airgeadais agus Comhairle Thréadach an Pharóiste ana-bhuíoch ar fad do gach éinne a bhí páirteach. Ar stáitse bhí, ceoltóirí agus amhránaithe don scoth. Níor bheag í an obair ullmhúcháin agus eagrúcháin a lean an cúram, agus táimid an-bhuíoch do gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí. Buíochas le Bean an Tí, Helen Ní Shé, leis na daoine agus na gnóanna a chuir duaiseanna ar fáil, Tadhg Ó Dubhshláine a bhron dealbh aoibhinn orainn don gceant, na daoine a d'eagraigh an geansaí don gceant, na daoine a bhí páirteach sa cheant agus do gach duine a cheannaigh ticéid don gcrannchur, agus a d'fhreastail ar an gceolchoirm agus na daoine a chabhraigh ar an oíche. Buíochas speisialta dos gach duine a bhí ar an stáitse. Rath Dé oraibh uile agus go méadaí Dia bhur stór.

**Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige**
Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo.

**Cnoc Mhuire, 21 Lúnasa 1879**

Tráthnóna Déardaoin, an t-aonú lá fichead de Lúnasa 1879 thaispeáin Muire, Naomh Iósaf agus Naomh Eoin Soiscéalaí iad féin ag binn theas Shéipéal Chnoc Mhuire. Clóca bán a bhí á chaitheamh ag an Mhaighdean Mhuire agus é dúnta faoina muineál. Bhí Naomh Iósaf ar a taobh deas agus Naomh Eoin Soiscéalaí (Eoin Broinne) ar a taobh clé, é gléasta mar easpag, leabhar ina láimh chlé. Le hais na bhfigiúirí ach beagán ar thaobh na láimhe deise bhí altóir mhór shimplí. Bhí uan ina sheasamh ar an altóir, a aghaidh siar agus cros mhór ina seasamh díreach, taobh thiar dó. Bhí aingil ar foluain timpeall an uain an fhad a mhair an taispéanadh. Bhí finnéithe i láthair, finnéithe oifigiúla, cúig dhuine dhéag acu, an fhad a mhair an taispeánadh. Bhí fir, mná agus páistí bailithe le chéile. D'fhéach siad ar an taispeánadh ar feadh dhá uair a chloig sa bháisteach agus dúirt siad an paidrín. Is i nGaeilge a thug Bríd Ní Thrínsigh fianaise don gcoimisiún a scrúdaigh imeachtaí na h-óiche san. Ar fhéile Iósaf Naofa (19 Márta 2021), thug an Pápa Proinsias, méadú ar a ghlóir sna flaithis, aitheantas do Chnoc Mhuire mar scrín idirnáisiúnta na Maighdine Muire agus na hEocairiste.

*Tá an Nóibhéine Náisiúnta in onóir Mhuire an Chnoic ar siúl faoi láthair go dtí 22 Lúnasa. Tuilleadh eolais www.knockshrine.ie.*

**Díolachán Cístí**

Beidh Lorraine Uí Churráin ag rothaíocht ó Ospidéal na hOllscoile Corcaigh go Páras na Fraince i Mí Meán Fómhair ar mhaithe le Ospidéal na hOllscoile Corcaigh. Mar chuid don bhfeachtas seo beidh díolachán Cístí agus Maidin Chaifé i nGairdín Mhuire, an Domhnach seo, 16 Lúnasa óna 11.00rn – 2.00in. Fáilte roimh cabhair agus cístí!

**Máirseáil Phobail**

Beidh máirseáil phobail neamhpholaitiúil ar son seirbhísí in Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne, ar siúl, Dé Sathairn, 22 Lúnasa ar a 3.30in ag Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne. Tabhair do thacaíocht don ospidéal agus don gcúram sláinte atá tuillte ag gach duine. Gach eolas: 087 2890625 nó 086 3892129 nó annemarienicgearailt@gmail.com

**Machnamh don soiscéal - Creideamh na Mná Cananaí**

San eachtra áirithe téann Íosa thar teorainn, isteach i gceantar págánach. Ina theagmháil leis an mbean, teagmháil atá difriúil go maith i gcomparáid le h-eachtraí eile sna soiscéil, leirítear tréithe eisceachtúla na mná seo. Ar dtús tugaimid faoi deara a buanseasmhacht. Bhí a fhios aici go maith cad a bhí uaithi – go leigheasfadh Íosa a h-iníon. Ní raibh cumhacht shaolta ag an mbean seo, ach bhí cumacht eile aici a d'eascair óna grá dá h-iníon. Thug an cion san an misneach di leanúint uirthi ag screadáil agus ag síorimpí ar Íosa fiú amháin nuair a labhair sé leí go neamhbhalbh.

**Ciste an Pharóiste €1345.00 Bl Speisialta: Ionad Tréadach na Deoise €85**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –

**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie